



Tionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin
Léiriú Spéise ar an gClár Píolótach um Athchóiriú Foraoise go Portach
Ráiteas Príobháideachais

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiceach agus spásúlachta, as rialtas áitiúil, as réamhaisnéis na haimsire agus as an oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus meas a léiriú air. Leis an ráiteas príobháideachais seo mínítear conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil i ndáil le Tionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin, go sonrach Léiriú Spéise ar a Clár Píolótach um Athchóiriú Foraoise go Portach; conas a úsáidfear an t-eolas sin; agus cén cearta ar féidir leat úsáid a bhaint astu i dtaca le do shonraí pearsanta.

Catagóirí sonraí pearsanta

Déanann an Roinn sonraí pearsanta i leith an Chláir phíolótaigh um Thionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin um Athchóiriú Foraoise go Portach a phróiseáil chomh luath is a léiríonn an duine is ábhar do na sonraí spéis i bpáirt a ghlacadh sa chlár:

- Ainm, seoladh (lena n-áirítear Éirchód do phríomháit chónaithe), uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist.
- An uimhir/na huimhreacha fóilió mar chruthúnas ar úinéireacht den talamh foraoisithe lena bhfuil spéis agat a bheith rannpháirteach sa chlár leis.

Foinse na sonraí pearsanta

Cuireann an duine aonair sonraí pearsanta a bhaineann leis na hiarratasóirí aonair ar fáil mar chuid den phróiseas iarratais chun páirt a ghlacadh i gClár Píolótach um Thionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin um Athchóiriú Foraoise go Portach. Úsáidfear an uimhir/na huimhreacha fóilió a sholáthraíonn an t-iarratasóir chun rochtain a fháil ar shonraí ó Tailte Éireann chun a mhéid agus a shuíomh a mheas, d'fhonn cabhrú le measúnú a dhéanamh ar a oiriúnacht le haghaidh glactha don Chlár Píolótach. Ní bhailimid do shonraí pearsanta ó áit ar bith eile.

Cuspóirí na próiseála

Úsáidfídh an Roinn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil chun iarratais a riaradh chuig Clár Píolótach um Thionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin um Athchóiriú Foraoise go Portach, chun spéis i limistéir ábhartha agus a indéantacht a mheas, agus mar chritéir mheasúnaithe agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil tairiscint conartha oiriúnach. Beidh taifeadadh na bhfreagraí ar an gcuireadh Spéise a Léiriú i gceist leis an gclár a riaradh chomh maith le dul i dteagmháil le hiarratasóirí i dtaca lena iarratas. Tar éis aird chuí a thabhairt ar an leibhéal spéise i gceantair ábhartha mar aon le srianta buiséid, úsáidfear measúnú bunaithe ar shuíomh agus méid na talún chun tosaíocht a thabhairt d'iarratais chuí chun páirt a ghlacadh sa chlár píolótach agus iad a roghnú. I gcás go ndéantar Conradh a thairiscint, féadfar an fhaisnéis seo agus tuilleadh sonraí a iarraidh ach rachfar i ngleic leis seo leis féin. Úsáidfear cuid de na sonraí a bhailimid mar chuid de cheanglais na Roinne tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thorthaí an chlár don rialtas agus don AE, chun tuairisciú a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht na Treorach maidir le hÉin agus Gnáthóga, agus le haghaidh tuilleadh taighde, lena n-áirítear le hinstiúidí acadúla. Nuair is féidir déanfar seo ar bhonn anaithnid agus comhiomlánaithe. Ina theannta sin, coinneofar do shonraí pearsanta, lena n-áirítear aon sonraí amach anseo a mbaineann le híocaíocht, chun freastal ar riachtanais iniúchóireachta inmheánacha, iniúchóireachta an Choimisinéara Cánach agus riachtanais iniúchóireachta an AE.

Próifíliú

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i leith an Chláir phíolótaigh um Thionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin um Athchóiriú Foraoise go Portach le haghaidh cinnteoireachta uathobrithe, nó chun críocha próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

Is faoi na hairteagail seo a leanas den RGCS agus den Acht um Chosaint Sonraí 2018 atá na bunúis dhlíthiúla le haghaidh na sonraí seo a phróiseáil maidir le comhartha eolais mar chuid de Chlár Píolótach um Thionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin um Athchóiriú Foraoise go Portach:

- RGCS Airteagal 6(1)(b), “tá gá le próiseáil chun conradh a bhfuil an duine is ábhar do na sonraí páirteach ann a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin don duine is ábhar do na sonraí sula ndéanfaidh sé conradh”.

Maidir le próiseáil sonraí Tailte Éireann ar leith a fhaightear tríd an uimhir/na huimhreacha fóilió arna soláthar ag an duine is ábhar do na sonraí, is faoin alt seo a leanas san Acht um RGCS agus Cosaint Sonraí 2018:

- RGCS Airteagal 6(1)(e), “is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir”.

Leagtar an tasc dá dtagraítear thuas amach i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, Rialacháin 24 agus 26.

Déanfar na sonraí a phróiseáil le Tionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin faoi Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE) a bhunú agus i gcomhréir leis an gcoinníoll/na coinníollacha atá ann.

Ina theannta sin, is é is aidhm le Tionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin teimpléad a sholáthar do na meicníochtaí agus na próisis lena n-eascrófar cur i bhfeidhm iomlán an Chreata Gníomhaíochta Tosaíochta a foilsíodh i mí na Samhna 2014 (PAF14) astu. Tá Bunús dlí aige seo faoi Airteagal 8 (1) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine (an Treoir um Ghnáthóga). Den uair

is déanaí, rinneadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 a thrasú sa dlí náisiúnta.

Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla oiriúnacha i bhfeidhm chun d'fhaisnéis a chosaint ó rochtain neamhúdraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, ní bhíonn aon bheart slándála gan locht nó dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne idircheapadh ar bith nó mí-úsáid de chineál eile. I gcás go gcuirtear do chuid sonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na roinne chun feidhme.

Faighiteoirí na sonraí

Ag an gcéim Léirithe Spéise seo, ní dhéanfaidh an Roinn agus a páirtithe conarthacha na sonraí a phróiseáil ach amháin chun críocha an Chláir Phíolótaigh seo faoi leith.

D'fhéadfaí sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear don mhéid sin de réir an dlí.

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní dhéanfaidh an Roinn na sonraí pearsanta a bhailítear i leith an chláir um Thionscadal Comhtháite LIFE-IP Dúlra an Atlantaigh Fhiáin a aistriú chuig aon tír lasmuigh den AE/LEE arna rialú ag clásail chonarthacha i gcomhréir le RGCS.

Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?

Ní dhéanfaidh an Roinn do shonraí a choimeád ach amháin chomh fada agus is gá chun na críche a raibh siad ag teastáil ina leith agus ceanglaítear uirthi forálacha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, a chomhlíonadh de réir dlí.

Do chearta

Beartas Cosanta Sonraí na Roinne (ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/organisation-information/5d22d-data-protection-policy/>), lena leagtar amach conas a dhéanfaimid do shonraí pearsanta a úsáid, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar dhuine is ábhar do na sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart ar rochtain, an ceart go ndéanfaí ceartúchán, an ceart go ndéanfaí léirsciosadh, an ceart go gcuirfí srian ar phróiseáil, an ceart chun agóid a dhéanamh), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá cóip chrua den bheartas ar fáil freisin ach í a iarraidh. Má bhreithníonn tú gur sáraíodh do chearta, tá an ceart agat chun gearán a dhéanamh le Coimisiún um Chosaint Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá an ceart agat chun leigheas breithiúnach a lorg.

Ag Dul i mbun Teagmhála Linn

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, nó más mian leat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta, déan teagmháil le do thoil le **hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne**, sonraí thíos:

Oifigeach Cosanta Sonraí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Bóthar an Bhaile Nua

Loch Garman

Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie

Dáta: _____-____-_____